


LITIR NUACHTA
ÁRAS MHÁIRTÍN UÍ CHADHAIN

EARRACH 1990

AG OBAIR AR AN SCÉIM FOSTAÍOCHTA SHÓISIALTA.



Suigh síos ansin!



Leabharlann don Phobal.



*Lámhcheardaíocht le:
Seán Mac Donnchadha.*



Teicneolaíocht ar an tinteán.



AG OBAIR AS LÁMHA A CHÉILE.

FÍODÓIREACHT MAR A BHÍODH

Dreas Cómhrá le: PEADAR MAC DONNACHADHA, AN TUAIRÍN.

Cén cheird a bhíodh ort fhéin, a Pheter, fíodóireacht ab ea?

Muise is ea. Chuir m'athair isteach mé ag an bfhactory ansin sa gCeathrún Rua. Charles Magill a bhí ann. Bhí sé do mo chur ag an scoil an dara babhta..., ní raibh aon fhonn orm dhul ag an scoil! Chuir sé iallach orm dhul síos ansin mar dá mba mhaith nó olc liom é. Thug mo mháthair síos ann mé agus ní raibh mo rogha agam, chaith mé cur leis. Ach bhí na leads a bhí ann romham bhí an-deas liom, Coilín Seoighe, Coilín Ó Catháin agus Mike Dan agus Tom Wallace, Mike Wallace as Cladhnach. Bhíodh an spraoi againn ann. Máirtín Phádraic Seárlaí, an créatúr go ndéana Dia grásta air. Sin é anois an chaoi a raibh muid.

Fíodóirí uilig a bhí iontu sin ab ea?

Sea, sea, ag foghlaim.

Cé bhí dhá múineadh?

Charles Magill, Cathal Mac Goill.

Agus cén chaoi ar thosaigh tusa ansin ar an bhfíodóireacht?

Níor thosaigh mé air ach bhí mé ag dul síos ann ar nós chuile dhuine go bhfuair mé an cheird ann. Chuir Magill seol dom ar an measín, seol fíodóireachta agus is amach as Gaillimh sa mbád a tháinig sé. Coilín Seoighe a thug amach sa mbád é. Bhí an bád sin, An Meirican Mór, ag muintir Mhatt Mhaitiú an uair sin agus bhí Coilín Seoighe i bpáirt agus is amach ansin in éineacht leis an lastas a tháinig an seol, amach ón Stáisiún i nGaillimh. Sin é anois an deis a bhí acu.

Cén áit i nGaillimh a raibh na seolta á ndéanamh?

Ní raibh siad i nGaillimh ar chor ar bith, thusas i nDún na nGall a bhí siad le fail.

Thuas i nDún na nGall!

Sea, sin i an fhírinne.

Agus thosaigh tú ag obair leat ansin, ar thosaigh?

Tháinig Magill anios ansin agus shocraigh sé suas é 's bhí mé ag obair ansin le chuile dhuine, bhuel chuile dhuine sa mbaile siar chomh fada siar le tóin thiar Leitir Mealláin 's amach Camus, amach Eanach Mheáin anseo thiar, 's Béal an Daingean agus soir Ros a' Mhíl agus Bántrainn agus bhí neart oibre agam, dream as Árainn ag tabhairt bréidini chugam. Thugadh na báid mhóra amach bréidini as Árainn chugam agus dhéanann iad. Más ea féin a Thiama nach b'shin é an t-éadach a bhíodh ar fónamh.

Agus cén chineál fíocháin a bhiodh agat?

Bhiodh cnámh scadáin agus muileataí agus déanamh na bpluideanna breátha baile agus ceann easna agus flainní bán le haghaidh na ndrárannai agus bainíní ach ní fheicfidh tú aon drár ná bainín anois ar aon duine.

Cén cineál fíocháin í cnámh an scadáin?

Ar nós an chnáimh atá sa scadán.

Agus muileata beag ansin, cén chaoi a mbíodh sé?

Ar nós an mhuileata atá ansin ar na cártai.

Ó sea. Agus cé mhéid flainín anois a ghabhfadh i bpluid?

Deich slat.

Deich slat?

Sea.

Agus cén leithead?

Cúig slat, 36 orlach ar leithead. Bhiodh an phluid mar a déarfá ar leithead agus nuair a bhiodh sí déanta ansin agamsa thugadh an bhean nó an fear leis í agus nídís í agus dhéanайдís dhá leith di agus dhéanadís pluid dhúbalte di. Bhiodh ciumhaiseanna ansin ann ...cúig slata.

Cé mhéid anois a bheadh i mbréidín fhlainín, mar a déarfá?

Bhuel bhraitheadh sé cé mhéid a bheadh le déanamh. Bheadh scór slat agatsa agus bhíteáil nach mbeadh ag fear eile ach cúig slata deag. Bheadh deich slat fichid ag fear 's bheadh dhá scór ag fear de réir mar a bheadh sé in acmhainn. Bhí muid ag tabhairt isteach an olainn Gaillimh, ar an rothar, agus ag tabhairt amach an tsnáithe as Tí Loideáin i nGaillimh, ach níl aon monarcha ann anois mar dódh síos go talamh é agus thiar i Leitir Fraicanois cheapfainn a gheobhadh tú na rudaí sin. B'ontach an buille anuas ar bhaile mór na Gaillimhe nuair a d'imirigh monarcha Loideáin as. Sin é an chaoi ar dóth é. B'ontach an dó agus an loisceadh é freisin agus b'ontach an droch-chaoi é.

Cén t-achar a thóigfeadh sé ort pluid a dhéanamh?

Píosa de lá, píosa de lá, sea, sea, píosa de lá, deich slat. Bhí mé ag déanamh scór slat oíche agus lá den bhréidín mar a déarfá ach bhí mé ag cailleadh allais leis, ní raibh aird ar thada agam ach ag obair, ag obair. Sé pingine as chuile shlat a dhéanainn.

Sé pingine!

Sé pingine a bhí an uair sin ann. Sin é anois agat é!

Cé mhéid punt snáithe a ghabhadh i bpluid nó i bhflainín?

Bhuel, theastódh deich bpunt inneach uait agus ansin bh'féidir seacht bpunt dlúith.

Céard é an t-inneach anois agus an dlúth?

Séard é an t-inneach rud a chuireadh an fiodóir isteach sa smól agus chaitheadh sé an dlúth a dheilbh síos ar phostai i dtosach agus é a thabhairt leis ansin agus é a leagan ag an seol 's é a chasadh suas istigh sa seol. D'fheadfá scór slat nó deich slat fichid a bheith agat chomh maith céanna sa mbréidín a mbeadh pluid air. D'héadfá an phiud a dhéanamh, déanann siad an phiud ar dtús agus ansin cloch snáithe, dá mbeadh cloch snáithe agat bheifeá in ann scór slat a dhéanamh le haghaidh an dlúith agus dhá phunt déag nó trí phunt déag d'inneach, sin gar de dhá chloch snáithe le haghaidh an scór siata sin agus ba saor an bréidín ina dhiaidh sin é agus ba saor an t-eadach é.

Cén chaoi a mbíteá ag cur an tseoil ag obair anois?

Chuirfeá ag obair le do láimh é agus ag obair le do chosa agus ag obair le do shúil é ar fhaitíos go mbriseadh aon snáithe nó aon ní beo faoin domhan, ní fhéadfá, ní fhéadfá focal a rá ach ag breathnú ar do ghnótha ansiúd nós go mbeadh tú ag scriobh leabhair go díreach, ar an gcaoi cheannann chéanna, sin é. Bhíodh spriongaí ar an láimh-chláir agus bhíodh an smól ag dul anonn agus anall léi sin, sin é. Ní raibh trioblóid ar bith ann dá mbeifeá in ann é a dhéanamh ach mura mbeifeá sin é an chaoi.

Fadó, ab é an chaoi a mbídís ag caitheamh an smóil?

Na sean-fníodóirí bochta, na créatúir, ní raibh sprionga ar bith acu ach ag cur an smóil anall lena láimh agus á chur anonn lena láimh 's ag cur isteach an láimh-chláir, sin é, ach tháinig sé sin anois amach sa saol sin.

Nuair a bhíodh an bréidín réidh ansin agat an gcaiteá tada eile a dhéanamh leis?

Ní chaiteá ach é a thabhairt amach as an seol agus é a rollú suas agus é a chomhaireamh ... cé mhéid slat a bhíodh ann agus é a leagan ansin go dtagadh fear an bhréidín á iarraidh nó bean an bhréidín nó gasúr, cuma cé thiocfadh ach an t-airgead a bheith acu. Mura mbeadh fhéin gheobhfadis an bréidín.

Agus céard a dhéanaidís sin leis nuair a thugaidís abhaile é?

Thugaidís abhaile é, cuid acu chuiridís isteach 'Gaillimh ag an muileann é, Tigh Loideáin le haghaidh é a ghlanadh agus é a ramhrú ach dá mbeadh deifir leis ní ghabhfadis sé in aon áit beo ach an pota a chrochadh ar an tine agus na cúiléir mhóra a réiteach agus gallúnach agus neart stuff a chaitheamh ansin ann agus úr a bhaint, an t-úr a bhaint.

Céard é sin?

Léimneach, fear nó bean a bheith istigh ar an gcúiléar sin agus ní bhiodh ann ach craic, cùr ag dul go rachtaí amach as na cùiléar sin.

Céard é ramhrú an bhréidín?

Ramhrú an bhréidín é a ramhrú mar a dearfá, beidh sé tanaí ach cuirfidh tú isteach sa muilinn é nó tá tú fhéin in ann ramhrú a chur freisin ann, ar an gcaoi sin, é a ramhrú. Ní fhaca tú é ach chonaic do mháthair bhocht é, a mhac, go ndéana Dia grásta uirthi.

Bhí neart caorach thart a raibh le haghaidh olna?

Ó bhí caora ag chuile dhuine agus mura raibh fhéin ní raibh ort ach dhul suas faoin slíab agus lán do bhicycle a chrochadh leat nó bealach ar bith agus bheadh ualach olna ag dhul anuas agat ar shé pingine an punt.

An mbíodh oraibh carlái a oibriú uirthi?

Ní bhíodh; bhíodh mo mháthair do ndéana Dia grásta uirthi, bhíodh mo mháthair ag sníomh leis an túirne ach bhíodh muintir an bhaile istigh in éineacht léi ag déanamh na rolléaraí dhi. Bhí siad an-oibligeádach an uair sin. Ba mhór an spoirt iad ag gabháil fhoinn agus ag sníomh agus ag obair leis an túirne sin agus gan aon electric ach oiread ach an lampa bocht ar thaobh an bhalla gan móran solais air agus nach maith bhí siad? Bhí cuid de na mná a bhí in ann sníomh le coinneal agus tá a fhios agat fhéin nach móran solais a bhionns as coinneal..... ach anois..... roll on, roll off!!

Cén chaoi a dtosaidís ar an sníomhachán?

Chaitheadh siad an t-olann a bheith réitithe amach acu agus bealaodh a bheith curtha acu intí. Cuid acu nach mbíodh an ola a bhí acu le cur sna rolléaraí, chuiridís im intí, ach ní oibríodh sé sin go maith. Chaithidís ansin í a fhágáil ansin agus an ola seo curtha uirthi agus ansin nuair a ghabhaidís ag déanamh na rolléaraí ba mhaith leo bosca mór rolléaraí a bheith déanta acu agus meáchan a bheith curtha orthu go mbeadh sé easca na rolléaraí deasa sin a bhíodh ag an mbean a bhíodh ag sníomh ...dá gcur ó cheann go ceann suas, go mbeadh an próiste a bhíodh ar an tuirne líonta aici, sin é an t-ainm a bhí curtha ar an bhfeair siúd aici ..., an próiste ... líonta suas ansin agus thíogeadh sí anuas é sin agus chuireadh sí isteach ceann eile agus ceann eile..., ó muise ní raibh aon só ag na créatúir.

An raibh oraibh í a scalladh ?

Bhíodh sí scalta acu ...an olann... tuige nach mbeadh?

'chuala tú riamh é?

Olann gan bhealach nach deacair í scalladh,

Is deacair í a shniomh ná í chárdáil;

Na mná a bhí dhá deilbh, bhí siad fá dheiðir

Agus níor chuir siad ach crios ar leathcheann de.

Céard faoi stocaí ansin a bhíodh acu?

Ó muise, m'anam go raibh neart stocaí acu mar go raibh na mná acu a bhí in ann iad a dhéanamh freisin. Nuair a ghabhadh bean an tí fadó amach ag cuartaiocht thugadh sí léi an stoca agus bhíodh sí dhá chniotáil. Bheireadh an bhean ansin a dtéadh sí isteach ar cuairt chuici ar an stoca sin agus chuireadh sí fhéin píosa eile ann agus bhíodh siad ag tabhairt an-chúnamh dá cheile achanois... ní hionann é sin agus anois,... níl acu ach bróga páipéir agus stocaí bainne ramhar.

Céard a chiallaíonn sé sin?

Bhuel rud nach féidir aon chaoi a chur air. Bróga páipéir ... , ní mhaireann siad i bhfad!!

CÚRSAÍ agus RANGANNA GAEILGE.

Is breá mar a chuireann Éireannaigh, bíodh ar dhaoine aonair nó buíonta d'oibrithe iad, suim i dteanga náisiúnta na tire seo agus a bhfuil de chaint agus d'aird á tharraingt le blianta beaga anuas ar mhórtheangacha Chomhphobal na hEorpa.

Tháinig dhá ghrúpa ón bPost ar chúrsaí Gaeilge ar an gCeathrú Rua i gcaitheamh na bliana seo caite; Máistri Poist ab ea buíon amháin síobh agus cléirigh cabhantair agus sortála agus fir agus mná poist ab ea an chuid eile. Sagairt nó ábhar sagart ar dhóigh go mbeadh tréimhsí le caitheamh sa nGaeltacht acu ab ea buíon eile. Banaltraí Siciatracha a bhíonn ag obair leis an bpobal agus imeasc an phobail ab ea formhór na ndaoine a d'fhreastal ar Chúrsa Gaeilge Bhord Sláinte an Iarthair i dtús an Fhómhair. Bhain dhá ghrúpa atá ag obair le Telecom Éireann tairbhe as cúrsaí seachtaíne ar lár-ionad a gcuid oibre féin i Muirbheach na Gaillimhe. Daoine is ea iad seo a bhíonn i dteangmháil go rialta le pobal na Gaeltachta agus gur mian leo tuiscint níos doimhne a bheith acu ar an teanga sa gcaoi go mbeidís in ann caitheamh níos fearr leis an bpobal agus le lucht labhartha na Gaeilge, tríd is tríd.


Mar is iondúil gach bliain, freastalíonn roinnt mhaith de mhic léinn Ollscoil na Gaillimhe agus roinnt as ollscoileanna náisiúnta eile ar chúrsaí Gaeilge Áras Mháirtín Uí Chadhain gan trácht ar na foghlaimeoirí iasachtacha a thagann ó thíortha mar Na Stáit Aontaithe, Ceanada, An Ghearmáin, An Fhionnlainn, An Ísiltír agus go fiú an tSeapáin agus thíortha eile nach iad, de bharr gach a gcuireann siad de shuim agus de spéis sa nGaeilge.

Bhí tarraingt ar ranganna Gaeilge freisin ó Charna go dtí An Cheathrú Rua go dtí An Spidéal agus as sin go Corr na Móna. Daoine fásta atá ag socrú síos nó atá socraithe síos thart timpeall ar na ceantair seo a fhiosraíonn faoi ranganna den tsúrt seo agus is breá le foireann Áras Mháirtín Uí Chadhain an tseirbhís sin a chur ar fáil.

Ní taobh le foghlaim na Gaeilge amháin a bhíonn siad seo a fhreastalaíonn ar na cúrsaí a reachtáiltear san Áras. Baineadh tairbhe oiliúna as Cúrsa sa gCéadchabhair, sa gClósreibhneoireacht, sa bPróiseáil Focal atá ar bun anois i gCárna le cuidiú Choiste Forbartha Chárna, agus i gColáiste Lurgan. Baineadh taithneamh as rang na Seinteanna, as an mBeiriste agus as an rang ceoil. Cé a deir nach féidir le daoine fásta spraoi agus spórt a bhaint as cúrsaí mar seo mar gur i nGaeilge go hiomlán a reachtáiltear iad?

Scéim fior-spéisiúil a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn piolóiteach an bhliain seo caite is ea Scéim an Phlean Teaghlaigh áit ar mian le teaghlach atá tar éis filleadh abhaile cuidiú lena gclann Gaeilge a fhoghlaim. An Ghaeilge a phiocadh suas trí ranganna neamhfhoirmeálta atá taithneamhach agus ina mbaintear úsáid as spóirt, as drámaíocht agus as ríomhaireacht, bun agus barr na scéime seo. Cuirtear cúnamh ar fáil agus tugtar comhairle do na tuismitheoirí a oibríonn sa mbaile leis na páistí a bhíonn ar an scéim seo.

Scéim bhreá eile a tháinig chun críche faraor, díreach roimh Nollaig ab ea Scéim Buanaithe Théarmaí na gCluichí imeasc an aosa óig. Reachtáileadh an scéim seo i gcomhpháirtíocht leis na scoileanna náisiúnta seo a leanas: Ros Muc, An Gort Mór, Camus, Cinn Mhara, Leitir Móir, Leitirmeallán, An Droim, An Trá Bháin, Leitir Caladh, Tír an Fhia, An Cheathrú Rua, Ros a' Mhíl, An Tulach agus Sailearna. Iar-imreoir condae as an nGaeltacht a bhí i mbun na hoibre seo. Reachtáileadh lá mór spóirt idir na scoileanna a ghlac páirt sa scéim ar Pháirc an Chathánaigh ar an gCeathrú Rua agus ba mhór an gliodar croí a bheith ag éisteacht leis na hógánaigh ag cur dhíobh i nGaeilge an lá sin. Ní hiontas an diomá atá ar na gasúir féin agus ar mhúinteoirí ó tharla an tseirbhís seo a bheith tugtha chun críche.



HOSEI SOWA agus a mhúinteoir, Mícheál Mac Con Iomaire.

Bhlais Hosei den dúchas ar an gCeathrú Rua le trí Shamhradh anuas agus ní bhfuair sé aon locht air.

Nára fada go mbeidh tú ar do sheanláim arís, a Mhichíl.

Ár gcuid den bhliain nua ort agus ar ár gcairde go léir.

CUAIRT AR AN MBEILG.

Bhí Máirín Nic an Iomaire ar dhuine den ghrúpa as Conamara a chaith seachtain i bhFlanders na Beilge faoi Shamhain. Seo mar a chuireann sí síos ar an turas.

B'iad Fiontar Flanders agus Ciorcal Idirnáisiúnta de Blankaart a d'eagraigh an turas chun na Beilge chun cónascadh a dhéanamh idir dheisceart Chonamara agus an Westhoek in Iarthar Flanders. Tugadh cuireadh dom a bheith im ionadaí thar ceann Áras Mháirtín Uí Chadhain ag an gcónascadh. Chuireamar fúinn san Institiúid Éireannach i Louvain , cathair ársa, álainn; ollscoil inti ón C15ú agus ceangal stairiúil aici leis an tir seo, roimh aghaidh ar an gcósta i lár na seachtaine. D'fháiltigh Ambasadóir na hÉireann romhainn ina theach féin sa mBruiséal an chéad oíche. I measc na nÉireannach a bhí i láthair ag an bhfáiltiú sin bhí Áine Fee....Áine Phat Mór Mac Donncha a bhí breá sásta muid a fheiceáil.

I Halla Chathair Diksmuide a bhí searmanas oifigiúil an chónasctha ar siúl. Bhí Ambasadóir na hÉireann , an tUas. Gearóid Ó Cléirigh, Marcus Mac Giolla Léith, Teachta Eorpach, na Comhairleoirí Condae Nioclás Ó Conchubhair agus Séamas Seoighe; an Seanadóir Pól Ó Foighil, agus baill eile d'Údarás na Gaeltachta Seosamh Ó Cuaig agus Seán Ó Neachtain i láthair, thar ceann deisceart Chonamara. Thagair an tAmbasadóir don cheangal stairiúil atá idir Éirinn agus Flanders. Is suimiúil an ní é gur in ómós do Laochra 1916 a roghnaigh na Pléimeannaigh an Chrois Cheilteach le comóradh a dhéanamh orthu siúd a maraíodh sa gCéad Chogadh Domhanda.

Chuir na Pléimeannaigh suim mhór sa taispeántas fise agus sna pictiúir de Chonamara a chuir Micheál Ó Maidhaigh, Údarás na Gaeltachta i láthair.

B'amhlaidh an scéal le léiriú thaispeántas cheolmhar Shiamsa Tíre i ngach ceann de na bailte. I gKortemark, baile ina ndéantar bríci agus atá roghnaithe mar láriónad forbartha do thionscail na lámhcheardaiochta, a léiríodh an taispeántas Oíche Shamhna. Tá cónascadh idir é agus An Cheathrú Rua dá bheartú.


Lá Samhna reachtáileadh seimineár ar Mhionteangacha agus Cultúir na hEorpa i Halla an Bhaile i Koksijde na Beilge. D'fhreastal grúpa ó Chonamara, grúpa UNESCO Koksijde agus mic léinn Choláiste na hEorpa i mBruges ar an seimineár. Bhí ionadaithe ann ó fhormhór thíortha na hEorpa agus ba léir gur bheag tir nach raibh fadhb teanga inti. Is iondúil go mbíonn ceist na teanga i dtír fite fuaite le stair, le polaitíocht agus le heacnamaíocht na tíre sin.

B'í tuairim ghinearálta na n-ionadaithe agus an Seimineár ag teacht chun críche gur ghá do rialtais agus d'áiseantachtaí eile a bheith de shíor ag neartú mionteangacha agus mionchultúir ar an dá bhealach thábachtacha seo:

- (1) tré chaomhnú agus tré fhorbairt na teanga mar mheán oideachais, mar mheán oiliúna agus mar theanga pobail ,
- (2) tré fhorbairt eacnamaíochta agus chultúra a chothú sna réigiún mionchultúir. Tugadh le tuiscint ag an Seimineár go bhfuil a leithéid de dhualgas ar rialtais agus ar údarás phoiblí ní hamháin ar bhonn chearta síbhialta an duine de ach go háirithe maidir le caomhnú chultúir ársa na hEorpa de. Ba mhór an feall é dá ligfi do mhórchultúir an domhain lámh an uachtair chultúra a imirt ar mhionchultúir.



Halla na Cathrach, Louvain, a tógadh san C15ú.



Seosamh Ó Cuaig, Ball tofa Údarás na Gaeltachta; Seán Ó Mathúna, Siamsa Tíre; Seán Ó Loinsigh, Fiontar Flanders agus Séamus Mac Donnchadha, Raidió na Gaeltachta, ag cur eolais ar thionscal na mbád in Ionad Oidhreachta Mara Flanders.



An tUasal Gearóid Ó Cléirigh, Ambasadóir na hÉireann, ag labhairt ag Searmanas Chónasca an Westhoek, Flanders le Deisceart Chonamara.

TURAS AR OILEÁN LEODHAIS NA hALBAN.

Tugtar comhdhálacha agus cruinnithe faoi theangacha nach mbíonn á labhairt chomh forleathan le teangacha idirnáisiúnta an domhain le chéile in áiteacha éagsúla ó thráth go céile. Ar Inse Gall na hAlban a bhí Comhdháil Idirnáisiúnta na Mionteangacha ar siúl i bhFómhar na bliana seo caite. Bhí Peadar Mac an Iomaire, Stiúrthóir Áras Mháirtín Uí Chadhain agus Máire Uí Iarnáin, Feidhmeannach Teanga i láthair ag an gcomhdháil.

Is ar chósta thiar thuaidh na hAlban atá Oileán Leodhais suite agus é ag coinneáil na hancaire mar a déarfá don slabhra d'oileáin atá ag síneadh soir agus ó dheas uaidh. Isteach agus amach le 30,000 míle duine daonra an Eilean Tiar mar a tugtar ar an slabhra i nGaidhlig agus iad faoi stiúir Chomhairle na nEilean a gcloisimíd trácht chomh minic sin uirthi. Sé Steornabhagh ceannceathrú na Comhairle agus daonra de 8,000 duine ann.

Tá Bord Forbartha Arda agus Oileán na hAlban fíorghníomhach i mbun oibre ar son na Gaidhlige ar an gcuid thiar d'Albain freisin. Ó cuireadh an tuairisc Cor na Gaidhlig ar fáil go poiblí i dtús na n-ochtóidí is iomáí eagrás agus coiste i mbun gnímh agus tacáiocht le fáil acu ó Bhord Forbartha na nArda agus na nOileán. Cur chun cinn na teanga agus an chultúir an aidhm atá ag CNAG ie. Comunn na Gaidhlig. Cuidíonn CNAG leis an heagraíochtaí siúd, bídíos seanbhunaithe nó nuabhuaithe, agus iad i mbun forbairt na Gaidhlige. Samplaí díobh siúd is ea Na Naoïnraí; Cli a thugann aire do dhaoine atá ag iarraidh Gaidhlig a fhoghlaim; Sabhail Mór Ostaig, coláiste gnó a oibríonn trí mheán na Gaidhlige ar Oileán Sciathánach; Acair a bhfuil riar mhór leabhar do ghasúir foilsithe aige agus an Mod Náisiúnta....macasamhail Oireachtas na Gaeilge....agus a bhí ar siúl i Steornabhagh nuair a chríochnaigh Comhdháil na Mionteangacha. Bhí CNAG imeasc na n-eagrás a raibh feachtas le haghaidh Teilifís Ghaidhlige ar bun acu agus ar éirigh leo toradh a fháil ar a gcuid oibre mar a tuairisciódh ar theilifís agus ar rádió le gairid.

Bhí suas le 70 teachta as Albain, as an mBreatain Bheag, as Éirinn, as an Tyrol Theas ar an teorainn idir an Ostair agus tuaisceart na hIodáile agus as Calabria i ndeisceart na hIodáile, i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta na Mionteangacha. B'í aidhm na comhdhála staid an Gaidhlig mar atá sa lá atá inniu ann a mheas agus plean a leagan amach maidir lena bhfuil i ndán do na mionteangacha.

Ba shoiléir go bhfuil an dul chun cinn déanta ag an mBreathnais, sa mBreatain Bheag. Tá sí ag fáil cúnamh airgid ón stát agus ón gComhphobal Eorpach.

Baineann an scéal céanna le cás na Gaidhlige sna scoileanna náisiúnta agus sna meánscoileanna ar na hoileáin i nGaeltacht na hAlban. Déantar iarracht an teanga a mhúineadh nó ábhair áirithe scoile a mhúineadh trí mheán na teanga istigh sa ngnáthrang a bhíonn ar siúl trí Bhéarla.

Níl an chuma ar an scéal go bhfuil an infheistíocht chéanna ná an dul chun cinn á dhéanamh ag roinnt de na mionteangacha Eorpacha, cé is moite de theanga cheantar na mBascach in iar-thuaisceart na Spáinne, a raibh ionadaithe ag cur síos orthu ag an gComhdháil.

Mheas an Chomhdháil gur chóir níos mó cabhrach a fháil ón gComhphobal agus gur chóir béim an-láidir a chur ar chúrsaí teicneolaíochta agus ar chúrsaí telechumarsáide in ullmhú agus i mhúineadh na mionteangacha mar gur ar an mbealach sin atá slánú na mionteangacha éagsúla, idirnáisiúnta ar fáil.